Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12900/25**

**COPS 452**
**EUMC 329**
**MAMA 212**
**CFSP/PESC 1340**
**CSDP/PSDC 563**
**PSC DEC 43**
**EUNAVFOR MED 28**
**CSC 455**
**JAI 1256**
**RELEX 1172**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/626 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2025) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh**
**le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir**
**(EUNAVFOR MED IRINI)**
**agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/626**
**(EUNAVFOR MED IRINI/4/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)[1], agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

[1] IO L 101, 1.4.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/472/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI ('Ceannasaí Fórsa an Aontais') a cheapadh.

(3) An 25 Márta 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/626[2] lena gceaptar an Seachaimiréal Alessandro DI BIASI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 4 Aibreán 2025.

(4) An 4 Meán Fómhair 2025, mhol údaráis mhíleata na Gréige go gceapfaí an Ceannasóir Spyridon POLLATOS i gcomharbas ar an Seachaimiréal Alessandro DI BIASI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ('an ceapachán molta').

(5) An 6 Meán Fómhair 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI leis an gceapachán molta.

---

[2] Cinneadh (CBES) 2025/626 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Márta 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2641 (EUNAVFOR MED IRINI/1/2025) (OJ L, 2025/626, 28.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/626/oj).

(6) An 11 Meán Fómhair 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Ceannasóir Spyridon POLLATOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 3 Deireadh Fómhair 2025.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Spyridon POLLATOS a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/626 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Ceannasóir Spyridon POLLATOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 3 Deireadh Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/626.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Deireadh Fómhair 2025.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*